

PLEAN CEACHTA

Na meáin chlóite agus toghcháin

Toradh Foghlama 3.12

Cásanna staidéir ar úsáid meán digiteach nó eile a scrúdú i dtoghchán nó reifreann polaitiúil

Foghlaimoidh an scoláire an méid seo a leanas

- ▶ An chaoi ar fhorbair na nuachtáin le himeacht ama
- ▶ Eolas faoi ról na meán clóite maidir le toghcháin a thuairisciú
- ▶ An tábhacht a bhaineann le léamh go criticiúil

Ábhair

- ▶ Taispeántas sleamhnán
- ▶ Bileog oibre 1: Déan anailís ar scéal nuachtáin – ceann do gach beirt
- ▶ Bileog oibre 2: Cruthaigh scéal nuachtáin – ceann do gach beirt
- ▶ Siosúr agus gliú nó téip ghreamaitheach a úsáidfídh na scoláirí

Measúnú chun foghlama/Príomhscileanna

- ▶ Smaoinígí, Téigí i mBeirteanna, Roinnigí
- ▶ Obair le daoine eile
- ▶ A bheith cruthaitheach



1 Pléigh na cineálacha meán clóite

SLEAMHNÁN 3

Cuir tús le plé ar na cineálacha meán clóite a úsáidimid sa lá atá inniu ann. Tabhair faoi deara gurb iad na nuachtáin an cineál meán is sine atá fós in úsáid inniu.

Iarr ar na scoláirí na nuachtáin Éireannacha atá ar eolas acu a ainmniú. Féach cé mhéad is féidir leis an rang a ainmniú.

Ná déan dearmad ar na nuachtáin áitiúla agus na nuachtáin saor in aisce.

2 Dírigh ar na nuachtáin

SLEAMHNÁN 4

Taispeánann an sleamhnán na nuachtáin náisiúnta is mó in Éirinn. Tá leagan gréasáin ag cuid mhór acu. Níl TheJournal.ie ar fáil ach ar an idirlíon, níl aon leagan clóite de.

SLEAMHNÁN 5

Cliceáil ar an nasc chun cartlann *The Irish Times* a oscailt agus taispeáin an t-eagrán a foilsíodh ar chothrom an lae seo 100 bliain ó shin. Iarr ar an rang breathnuithe a roinnt.

Ina dhiaidh sin, taispeáin an t-eagrán ó chothrom an lae seo 50 bliain ó shin dóibh agus pléigh an t-eagrán mar a rinneadh cheana.

Faoi dheireadh, taispeáin eagrán an lae inniu dóibh (d'fhéadfá cóip den leagan clóite a thabhairt leat nó an leagan ar líne a thaispeáint).

Eochairfhocail don phlé: Leathanach tosaigh, ceannlínte, íomhánna, dath, príomhscéalta na nuachta, fógraí.

3 Nuachtáin v. na meáin shóisialta

SLEAMHNÁN 6

Taispeáin an físeán NewsBrands Ireland.

Tabhair faoi deara: Tabhair faoi deara: larrann feachtas #JournalismMatters de chuid NewsBrands Ireland ar an Rialtas tacú leis an iriseoireacht neamhspleách in Éirinn. Is é NewsBrands Ireland an comhlacht ionadaíoch le haghaidh gach nuachtáin náisiúnta, idir chlóite agus ar líne. Tá tuilleadh eolais ar fáil ag www.newsbrandsireland.ie/journalismmatters/#videos

Déan plé ar nuachtáin v. na meáin shóisialta mar fhoinsé faisnéise faoi pholaiteoirí le linn toghcháin.

- ▶ Cá bhféachann na scoláirí má tá eolas faoi imeachtaí reatha uathu?
- ▶ Conas a mheasann siad cibé atá an fhoinsé faisnéise iontaofa nó nach bhfuil?
- ▶ Cén fáth ar cheart do dhaoine íoc as nuachtán nuair is féidir leo go leor faisnéise a fháil saor in aisce ar na meáin shóisialta?

Mínigh go bhfuil na meáin shóisialta neamhrialaithe, ach go ndéanann Comhairle Preasa na hÉireann rialú ar an bpreas in Éirinn. Tá an Chomhairle Preasa neamhspleách ar an rialtas agus ar an bpreas.

SLEAMHNÁN 7

Pléigh an sliocht athfhriotail ar an sleamhnán ó Chomhairle Preasa na hÉireann.

SLEAMHNÁN 8

Tá Cód Cleachtais ag Comhairle Preasa na hÉireann i gcomhair phreas na hÉireann.

Taispeánann an sleamhnán cuid den 11 phrionsabal sa **Chód Cleachtais**.

Déan plé ar thábhacht na bprionsabal sin nuair atáthar ag tuairisciú ar thoghcháin.

4 Bileog Oibre 1: Déan anailís ar scéal nuachtáin

SLEAMHNÁN 9

Roghnaigh agus priontáil roinnt scéalta nuachtáin ina bpléitear toghcháin áitiúla 2019, olltoghchán na hEorpa in 2019 nó olltoghchán 2020. Más féidir, roghnaigh scéalta a thagraíonn do pholaiteoirí a sheas i do thoghcheantar féin. Roghnaigh cineálacha éagsúla scéalta, mar shampla scéal nuachta, gné-alt agus alt tuairimíochta.

Tabhair scéal nuachtáin agus cóip de **Bhileog oibre 1** do gach beirt: **Déan anailís ar scéal nuachtáin** (féach ar lch 5). Iarr ar na scoláirí na scéalta a léamh agus an bhileog oibre a líonadh isteach.

5 Bileog oibre 2: Cruthaigh scéal nuachtáin

SLEAMHNÁN 10

Tabhair cóip de **Bhileog oibre 2: Cruthaigh scéal nuachtáin** (féach ar lgh 6 agus 7) do gach beirt. Cuir siosúr agus gliú ar fáil.

Iarr ar na scoláirí an grianghraf, an uas-cheannlíne agus ailt dá rogha féin a ghearradh amach agus iad a ghreamú sa teimpléad. Beidh tionchar ag na roghanna a dhéanann siad ar cibé acu atá an scéal níos dearfaí nó níos diúltaí faoin iarrthóir ficseanúil. Mar shampla, d'fhéadfaidís téacs a roghnú leis na cineálacha focal seo a leanas:

- ▶ focail ghníomhacha amhail “i mbun feachtais”
- ▶ focail dhearfacha amhail “d'éirigh leis”
- ▶ focail a dhéanann cur síos amhail “plódaithe”

Tar éis do na scoláirí a gcuid scéalta a chruthú, iarr orthu iad a léamh amach agus a rá cibé acu atá siad dearfach, diúltach nó neodrach faoin iarrthóir.

Déan plé ar cibé acu a cheapann na scoláirí go bhfuil na nuachtáin in Éirinn neodrach nó claonta.

Tabhair faoi deara: D'fhéadfadh sé go mbeadh an t-ábhar seo ag teacht leis na snáitheanna teanga labhartha agus léitheoireachta de shonraíocht Bhéarla na Sraithe Sóisearaí, go háirithe “Understanding the content and structure of language”.

→ Gníomhaíochtaí fairsingithe

Le linn feachtais toghcháin nó reifrinn, iarr ar na scoláirí ceannlínte agus tuairiscí nuachtáin a bhailiú.



Bileog oibre 1:

Déan anailís ar scéal nuachtáin

Ainm an nuachtáin	
Údar	
Cineál ailt	e.g. nuacht, gné-alt, tuairimíocht

CEANNLÍNE

Scríobh an cheannlíne anseo.	
Smaoinigh ar cheannlíne mhalartach agus scríobh anseo í.	

ÍOMHÁ

An bhfuil grianghraf nó íomhá eile sa scéal?	
Má tá, cén fáth, dar leat, ar roghnaíodh an íomhá seo?	

CORP

Cad iad na príomhsmaointe atá san alt?	1.
	2.
	3.
Ar an iomlán, cé chomh fírinneach agus cruinn atá an píosa?	
An ndéanann sé idirdhealú idir fíricí agus barúlacha?	
An ndíríonn an scéal níos mó ar smaointe agus ar bheartais pholaitiúla nó ar na daoine sa pholaitíocht?	
Conas a dhéanfa cur síos ar theanga, ar stíl agus ar thon an scéil?	



Bileog oibre 2:

Cruthaigh scéal nuachtáin

Roghnaigh grianghraf amháin, uas-cheannlíne agus alt ó gach bosca. Gearr amach agus greamaigh i dteimpléad an nuachtáin iad chun scéal nuachta a chruthú faoin iarrthóir toghcháin áitiúil Tim Simms.

Scríobh do cheannlíne féin chun an scéal a chríochnú.

Grianghraf



Uas-
cheannlíne

Chuaigh iarrthóir neamhspleách nua, Tim Simms, isteach sa rás le haghaidh suíochán ar an gcomhairle áitiúil

Sheol Tim Simms a fheachtas toghcháin don chomhairle áitiúil go hoifigiúil inné.

Alt
1

Is gníomhaí pobail é Simms. Chuaigh sé i mbun feachtais d'fhoill bealach nua bus a fháil don bhaile anuraidh agus d'éirigh leis. Siod é an chéad uair dó seasamh sa toghchán.

Is duine nua i saol na polaitíochta é Simms. Cé go raibh baint aige le feachtas chun bealach nua bus a fháil don bhaile, níor sheas sé i dtoghchán roimhe seo.

Alt
2

“Is í ceist an iompair an chloch is mó ar an bpaidrín agam,” a dúirt Simms. “Má thoghtar mé, cuirfidh mé dlús le pleananna chun an príomhbhóthar tríd an mbaile a leathnú.”

Chuir léirsithe agus agóidí moill ar an tionscadal conspóideach bóthair. Cé go rachaidh sé chun tairbhe do chomaitéirí, deir cónaitheoirí áitiúla go gcuirfidh na hoibreacha bóthair isteach ar a saol ar feadh míonna.

“Is í ceist an iompair an chloch is mó ar an bpaidrín agam,” a dúirt Simms. “Má thoghtar mé, cuirfidh mé dlús le pleananna chun an príomhbhóthar tríd an mbaile a leathnú agus cuirfidh mé deireadh leis an mbrú tráchta uafásach.”

Chuir comaitéirí a chaitheann uaireanta fada an chloig gach seachtain i dtrácht trom fáilte roimh na pleananna.

Alt
3

D'fhreastail go leor de lucht tacaíochta Simms ar an seoladh feachtais inné. Mar sin féin, beidh air dul i mbun feachtais go díograiseach chun suíochán a bhuachan ó tharla go bhfuil comhaltaí seanbhunaithe den chomhairle a bhfuil an-mheas orthu ag seasamh lena n-atoghadh.

Seoladh feachtas Simms inne agus bhí an áit plódaithe lena lucht tacaíochta. Cé go bhfuil comhaltaí seanbhunaithe den chomhairle a bhfuil an-mheas orthu ag seasamh lena n-atoghadh, d'fhéadfadh sé go mbeadh seans aige suíochán a bhuachan.

Nuachtán



Scríobh an cheannlíne anseo

Greamaigh an uas-
cheannlíne anseo.

Alt 1

Grianghraf

Alt 2

Alt 3